C/2025/3447

19.6.2025

Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2025/3447)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

Ar leathanach 88, cuirtear an téacs seo a leanas isteach tar éis an teidil '***1902 Pasta, bíodh sé cócaráilte nó líonta le búiste (feola nó substaintí eile) nó ná bíodh, nó ullmhaithe ar bhealach eile, amhail spaigití, macarón, núdail, lasáinne, gnocchi, raiviólaí, canalóiní; cúscús, bíodh sé ullmhaithe nó ná bíodh***':

'1902 20 10 go 1902 20 99	**Pasta atá líonta le búiste, bíodh sé cócaráilte nó ullmhaithe ar bhealach eile nó ná bíodh:** Ní chumhdaítear leis na fo-cheannteidil sin táirgí taosráin réamhbhácáilte nó réamhfhriochta atá líonta le búiste, amhail 'Samosa' nó 'Briwatt' (go ginearálta, ceannteideal 1905, nó Caibidil 16, má tá níos mó ná 20 % de réir meáchain d'ispín, feoil, scairteach feola, fuil, feithidí iasc nó crústaigh, moilisc nó inveirteabraigh uisce eile, nó aon mheascán díobh sin iontu).'

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.